## Próiseas Iarratais

Tá foirm iarratais ar fáil ag www.nuim.ie/language/dmg

| | |
|---|---|
| Dáta deiridh iarratais | 13 Meitheamh |
| Scrúdú iontrála agus agallamh | 28 Meitheamh |
| An chéad cheardlann | 13 Meán Fómhair |


## Táille

Tá an cúrsa seo á chur ar fáil le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus foinsí eile maoinithe. Beidh costas €500 ar an gcúrsa.

## Tuilleadh eolais


Ríomhphost: ailin.nichonchuir@nuim.ie
Guthán: (01) 708 6417 nó (01) 474 7145
Suíomh Gréasáin: www.nuim.ie/language/dmg


Ionad na dTeangacha Language Centre | Ollscoil na hÉireann Má Nuad NUI Maynooth | Údarás na Gaeltachta



# Dioplóma i Múineadh na Gaeilge (Foghlaimeoirí Fásta)

Ionad na dTeangacha OÉ Má Nuad

Le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus foinsí eile maoinithe



## Feidhmeanna an chúrsa

- Oiliúint a chur ar fáil do rannpháirtithe maidir le conas Gaeilge a mhúineadh d'fhoghlaimeoirí fásta.
- Cur le heolas na rannpháirtithe ar an taighde is deireanaí a rachadh chun tairbhe dóibh i múineadh na Gaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta.
- Deis a thabhairt do rannpháirtithe smaointe, moltaí praiticiúla agus tuairimí a mhalartú.

Cuirfear béim láidir sa Dioplóma ar an gcleachtadh teagaisc sa seomra ranga agus cuirfear tacaíocht agus comhairle leanúnach ar fáil do gach múinteoir.

## Struchtúr an chúrsa

- Beidh ar rannpháirithe freastal ar 10 gceardlann oiliúna. Beidh na ceardlanna ar siúl i gConamara ar Shathairn idir mí Mheán Fómhair 2014 agus mí an Aibreáin 2015.
- Beidh ar rannpháirtithe 40 uair an chloig teagaisc a dhéanamh i rith thréimhse an chúrsa. Is faoi na rannpháirtithe féin an teagasc seo a eagrú.
- Is dioplóma ollscoile é seo a bhfuil 30 pointe creidmheasa ag dul leis.

## Critéir iontrála

Chun áit a fháil ar an gcúrsa beidh ar iarrthóirí scrúdú iontrála agus agallamh a dhéanamh. Scrúdú scríofa agus cainte ag Meánleibhéal 2 (B2) de Theastas Eorpach na Gaeilge a bheidh i gceist leis an scrúdú iontrála. Beidh an scrúdú ar siúl san Ollscoil ar an Satharn 28 Meitheamh. Beidh ar gach iarrthóir freastal ar an scrúdú. Beidh agallamh ar siúl an lá céanna.

*www.nuim.ie/language/dmg*